GX902

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 2000

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

AN CHÉAD BHLIAIN

NUA-GHAEILGE NG100

An Chéad Pháipéar

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Gach ceist as **Roinn A** agus **dhá cheist** as **Roinn B** le freagairt.
Úsáid freagarleabhar ar leith do gach roinn.

Roinn A

1. Scríobh aiste *ghearr* ar ábhar amháin acu seo (gan dul thar 3 leathanach):

(a) An cineál saoil ba mhaith liom a chaitheamh

(b) Tá tú ar saoire bliana thar lear. Scríobh litir abhaile ag cara faoi.

(c) Is mairg a bheadh óg inniu.

(d) Éire nua — mar a fheicimse í.

2. Aistrigh an sliocht seo a leanas go Gaeilge:

I became interested in literature when I first came to university. Before that I had read very little. Indeed, I would not have known a good book from a bad book. I only read the sports pages and the problems in the daily newspapers. I preferred to watch television or to listen to modern music on the radio. I would always spend my money on CDs (dlúthdhioscaí) rather than books. Now I read poetry, novels and short stories. And English is not my only language. I read French and Irish too. I was surprised to learn that there are many writers of Irish still alive and that Irish poems and stories can actually say something worthwhile to us young people today.

Roinn B An tÚrscéal

3. Déan *Ceol an Phíobaire* a mheas mar shampla den úrscéal staire.

nó

Siúd is gurb é Cathal an laoch in *Ceol an Phíobaire*, is cumhachtaí go mór fada an carachtar é Constantine Butcher. Pléigh.

nó

Is féidir breathnú ar *Ceol an Phíobaire* mar thurnamh Theach Butcher. Do bharúil faoi sin.

4. Is carachtar lag í Eithne in *Gafa* toisc go gcaithfidh sí bheith lag ar mhaithe le forás an scéil. Do thuairim faoi sin.

nó

Is mó an spéis atá ag Ré Ó Laighléis sa phian a fhulaingíonn muintir an andúiligh ná san andúileach féin. Do bharúil faoi sin.

nó

An bhfuil baol ann go ndéanfaimid an iomarca leithscéalta d'Eoin de bharr mhí-iompar a athar? Pléigh an tuairim sin faoi *Gafa*.

5. Úrscéal an-aisteach é *Deoraíocht*. Pléigh.

nó

Cé gur mór an trua a bhíonn ag an léitheoir do chás Mhíchíl Uí Mhaoláin, fós féin, is deacair taitneamh a thabhairt dó. Do bharúil faoi sin.